



ELEATHANACH 383



Dé Luain, an 10 Bealtaine, 2021

Avram Glazer agus Manchester United

Bhí agóidí roimh chluiche Manchester United in aghaidh Liverpool ar an 2 Bealtaine.

Ní raibh na leantóirí sásta leis an gcinneadh a rinne Avram Glazer faoin *European Super League*.

Ceapann na leantóirí go bhfuil Avram Glazer ag díriú ar an airgead seachas ar an gcluiche. Seo an meon atá ag na leantóirí.

Bhailigh siad in Old Trafford roimh an gcluiche chun a gcuid feirge a léiriú. Bhí ar na clubanna an cluiche a chur ar athló.




Cóiméad Halley

Cóiméad Halley

Bhí dreigechith ó chóiméad Halley le feiceáil an tseachtain seo caite. Is cóiméad an-cháiliúil é Cóiméad Halley.

Tá an cóiméad ainmnithe as Edmund Halley, réalteolaí Sasanach. D'oibrigh sé amach fithis an chóiméid sin. Tá fithis 75/76 bliana aige.



Fithis

Seo grianghraf den bhád Mantra ag bailiú bruscair.



SeaCleaners

Tá an grúpa *SeaCleaners* míshásta ag féachaint ar bhruscar plaisteach agus snámh san fharraige.

Chruthaigh siad bád seoil a ghlannann an fharraige. Bailíonn an bád an dramháil agus é ag seoladh san uisce.

Tá an Manta 56 méadar (184 troigh) ar fad. Is é an chéad bhád ó na *SeaCleaners* é. Baileoidh an Manta dramháil ón bhfarraige.

Ag deireadh an scannáin *Back to the Future*, tá clú agus cáil ar Dr. Emmet Brown, duine a úsáideann bruscar mar pheitreal.

Cosúil leis an DeLorean sa scannán, úsáideann an Manta bruscar chun cumhacht a thabhairt don mhótar leictreach.



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,



Coláiste Mhuire, BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscoláochta

